# Comhairle Contae Mhaigh Eo

# Mayo County Council

# <u>Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú), 2007</u>

# <u>Iarratas chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo ar Chlárú Tosaigh faoi Airteagal 13 (1):</u>

**1.**

**Iarratas chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo ar chlárú:-**
**Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú) - Mórtháirgeoir**

**SONRAÍ AN MHÓRTHÁIRGEORA / NA MÓRCHUIDEACHTA: -**

**Ainm an tháirgeora (cuideachta):** ____________________

**Seoladh na cuideachta:** ____________________

____________________

____________________

____________________

**Uimhir Theileafóin:** ____________________

**Ríomhphost:** ____________________

**Uimhir Facs:** ____________________

**Uimhir Chláraithe na Cuideachta:** ____________________

- **Tabhair do d'aire: Mura bhfuil cuideachta i gceist, tabhair na sonraí thuas i leith do phríomháite gnó.**

**2.**
**SONRAÍ AN BHRAINSE AINMNITHE**
**MAR IS IOMCHUÍ FAOI CHUID 13(7) -**

**Ainm an bhrainse ainmnithe:** ____________________

**Seoladh:** ____________________

____________________

____________________

____________________

**Uimhir Theileafóin:** ____________________

**Ríomhphost:** ____________________

**Uimhir Facs:** ____________________

**3.**
**SONRAÍ AN ÚINÉARA / NA nÚINÉIRÍ: -**

**Ainm an úinéara/na n-úinéirí:** ____________________________________

**Seoladh:** ____________________________________

____________________________________

____________________________________

____________________________________

**Uimhir Theileafóin:** ____________________________________

**Ríomhphost:** ____________________________________

**Uimhir Facs:** ____________________________________

**4.**
**Cineál gnó a bhíonn ar siúl:** ____________________________________

____________________________________

**Cód NACE:** ____________________________________

**5.**
**SUÍOMH AN ÁITRIBH AG NÓ ÓNA SOLÁTHRAÍONN / SOLÁTHRÓIDH AN TÁIRGEOIR PACÁISTIÚ NÓ TÁIRGÍ PACÁISTITHE.**

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**6.**
**MEÁCHAN MEASTA AN PHACÁISTITHE A FUARTHAS AGUS/NÓ A SOLÁTHRAÍODH LE LINN AN DÁ MHÍ DHÉAG SULA nDEARNADH IARRATAS AR CHLÁRÚ.**

Ní mór sonraí a thabhairt i leith gach aon catagóire thíos.

| **ÁBHAR** | | **Pacáistiú beartaithe le haghaidh athúsáid[(1)] (Tonaí)** | **Pacáistiú a fuarthas ó laistigh den Stát[(2)] (Tonaí)** | **Pacáistiú a fuarthas ó tháirgí iompórtáilte[(3)] (Tonaí)** | **Pacáistiú ar tháirgí líonta i bpacáistí[(4)] (Tonaí)** |
|---|---|---|---|---|---|
| Gloine | | | | | |
| Plaisteach | | | | | |
| Páipéar & Clár Snáithíneach | | | | | |
| Miotail | Cruach | | | | |
| | Alúmanam | | | | |
| | **Iomlán** | | | | |
| Adhmad | | | | | |
| Teicstílí | | | | | |
| Comhábhair | | | | | |
| Eile | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | |

**Iarratas chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo ar chlárú:-**
**Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú) - Mórtháirgeoir**

| ÁBHAR | | Pacáistiú a soláthraíodh[5] *lasmuigh* den Stát (easpórtáilte) (Tonaí) | Pacáistiú a soláthraíodh[5] *laistigh* den Stát (Tonaí) |
|---|---|---|---|
| Gloine | | | |
| Plaisteach | | | |
| Páipéar & Clár Snáithíneach | | | |
| Miotail | Cruach | | |
| | Alúmanam | | |
| | **Iomlán** | | |
| Adhmad | | | |
| Teicstílí | | | |
| Comhábhair | | | |
| Eile | | | |
| **IOMLÁN** | | | |

(1) Is éard atá i gceist le 'pacáistiú atá beartaithe le haghaidh athúsáid' ná pacáistiú atá deartha chun dhá thuras nó uainíocht ar a laghad a dhéanamh le linn a shaolré, faoi réir ag gníomhaíochtaí ina n-athlíontar é nó ina n-úsáidtear chun na críche céanna agus a ceapadh é, le cúnamh nó gan chúnamh ó tháirgí cúnta atá ar fáil ar an margadh lenar féidir pacáistiú a líonadh ar an athuair (buidéil bainne, ceaigeanna leanna srl. mar shampla).

(2) Is éard atá i gceist le 'pacáistiú a fuarthas' ná an pacáistiú agus t-ábhar pacáistithe ar fad (bíodh sé príomhúil, tánaisteach nó treasach) a tógadh isteach ar an áitreabh luaite i gcuid 5 den fhoirm seo in éineacht le táirgí a tháinig ó laistigh den Stát.

(3) Is éard atá i gceist le 'pacáistiú a fuarthas' ná an pacáistiú agus t-ábhar pacáistithe ar fad (bíodh sé príomhúil, tánaisteach nó treasach) a tógadh isteach ar an áitreabh luaite i gcuid 5 den fhoirm seo in éineacht le táirgí iompórtáilte.

(4) Tagraíonn sé seo d'ábhar a sholáthraítear duitse, an táirgeoir, nach pacáistiú a bhí ann ó thús (leathánra plaisteach mar shampla) ach a úsáidtear mar phacáistiú nuair a chlúdaítear táirgí leis.

(5) Is éard atá i gceist le 'pacáistiú a soláthraíodh' ná an pacáistiú, an t-ábhar pacáistithe, agus na h-earraí pacáistithe ar fad (bíodh sé príomhúil, tánaisteach nó treasach) a soláthraíodh ag agus/nó ón áitreabh atá luaite i gcuid 5 den fhoirm seo. Áirítear le "soláthar" i gcomhthéacs ábhar pacáistithe, pacáistiú, agus táirgí pacáistithe, earraí a mhalartú le haon ní eile nach airgead é, earraí a bhronnadh mar dhuais nó iad thabhairt mar bhronntanas.

**Is féidir fótachóip a dhéanamh den leathanach seo mura bhfuil dóthain spáis ann:**

**7.**
**Ainm agus seoladh na dtáirgeoirí a fuarthas pacáistiú agus táirgí pacáistithe uathu le linn an dá mhí dhéag roimh an dáta iarratais:-**

**Féadfaí fótachóip a dhéanamh den leathanach seo mura bhfuil dóthain spáis ann:**

**8.**
**Ainm agus seoladh na dtáirgeoirí a soláthraíodh pacáistiú agus táirgí pacáistithe dóibh le linn an dá mhí dhéag roimh an dáta iarratais:-**

## 9.
## NITHE A CHAITHFEAR CUR FAOI IAMH LEIS AN IARRATAS SEO

### (a) AN TÁILLE CHUÍ

Is í an táille a ghearrtar de réir na Rialachán seo €15 in aghaidh an tona pacáistithe agus ábhar pacáistithe a soláthraíodh (ag nó ón áitreabh luaite i gcuid 5 den fhoirm seo) le linn an dá mhí dhéag roimh dháta an iarratais seo, faoi réir ag íosmhéid €500 agus uasmhéid €15,000 in aghaidh an áitribh.

**TÁILLE CHLÁRAITHE FAOI IAMH:** €

### (b) PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

Ba cheart go sonraítear sa phlean gníomhaíochta – atá le leagan isteach leis an iarratas seo – na beartais atá curtha i bhfeidhm ag an iarratasóir chun cloí le riachtanais na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú). Ba chóir na socruithe atá molta ag an mórtháirgeoir le cur i bhfeidhm chun cur amú pacáistithe a chosc nó a mhaolú a shonrú chomh maith. Deimhnigh freisin, le do thoil, go gcuirfear cóip den phlean seo "ar fáil" saor in aisce d'aon duine a iarrann é. Ina theannta sin, ní foláir fógra poiblí a thugann le fios go bhfuil an plean seo ar fáil a fheistiú in áit fheiceálach ag nó in aice le gach bealach isteach den áitreabh a bhfuil rochtain ag an bpobal air. Seo a leanas téacs an fhógra sin, de réir Airteagal 15(1):-

**Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996-2007**

*Tá plean gníomhaíochta trí bliana ar fáil san áitreabh seo, ina leagtar amach na beartais a chuirfidh (ainm an tháirgeora) i bhfeidhm chun dramhaíl phacáistíochta a aisghabháil. Má iarrtar é, seolfar an plean seo chugat tríd an bpost, an ríomhphost, nó facs.*

### (c) FEISTIÚ FÓGRAÍ EILE

Deimhnigh chomh maith, le do thoil, gur feistíodh fógra poiblí de réir Airteagal 10(1)(a) in áit fheiceálach ag nó in aice le gach bealach isteach poiblí i ngach áitreabh a sholáthraíonn an mórtháirgeoir ábhar pacáistithe, pacáistiú nó táirgí pacáistithe ann nó uaidh. Seo a leanas téacs an fhógra:-

**Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996-2007**

*Tá sé de dhualgas orainn, chun críche na haisghabhála, dramhaíl phacáistíochta a eascraíonn as táirgí, pacáistiú, nó ábhar pacáistithe den chineál nó den bhranda céanna agus a dhíoltar nó a sholáthraítear ar an áitreabh seo a ghlacadh ar ais saor in aisce ar an áitreabh seo. Ní gá do na táirgí ná an pacáistiú seo a bheith ceannaithe ó (ainm an táirgeora).*

**10.**
**AISGHABHÁIL A FHÓGAIRT**

Tabhair do d'aire go gcaithfidh mórtháirgeoir, de réir Airteagal 10(5), fógra a chloíonn le riachtanais **Chuid 5 den Dara Sceideal** a fhoilsiú i nuachtán amháin nó níos mó ná sin a bhíonn ar fáil i gceantar feidhmiúla an údaráis áitiúil a bhfuil a áitreabh lonnaithe ann i rith mhí an Mhárta agus mí Mheán Fómhair gach bliain féilire. Ní mór cóipeanna de na fógraí foilsithe ar fad a chur faoi bhráid na Comhairle Contae laistigh de 10 lá ón lá a foilsíodh iad.

**CUIRFEAR COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO AR AN EOLAS FAOI AON ATHRÚ A THAGANN AR AN EOLAS A THUGTAR SAN FHOIRM SEO.**

**DEARBHAÍM LEIS SEO GUR CEART AGUS FÍOR IAD NA SONRAÍ AGUS AN tEOLAS A SHOLÁTHRAÍTEAR SAN FHOIRM SEO.**

**SÍNITHE:______________________________ DÁTA:__________________ _**

**POST SA CHUIDEACHTA ________________________________________**

***Seol foirmeacha iarratais comhlánaithe chuig:-***
***An Rannóg Comhshaoil,***
***Comhairle Contae Mhaigh Eo***
***Áras an Chontae***
***Caisleán an Bharraigh.***
***Co. Mhaigh Eo***

## Treoracha maidir le clárú

- Caithfear iarratas a dhéanamh i leith **gach áitribh sholáthair.**
- Ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú san iomlán chun cloí leis na bunriachtanais clárúcháin, mar a leagadh amach i **gCuid 1 den Tríú Sceideal**.
- De réir Airteagal 14, ní mór táille a chur isteach leis an iarratas ar fiú €15 é in aghaidh an tona pacáistithe a sholáthraítear in aghaidh na bliana ón áitreabh atá i gceist, faoi réir íosmhéid €500 agus uasmhéid €15,000.
- De réir Airteagal 15, ní mór plean a leagan isteach le gach iarratas ina sonraítear na beartais a chuirfidh an t-iarratasóir i bhfeidhm chun cloí leis na Rialacháin. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí foriomlána an mhórtháirgeora laistigh den cheantar feidhmithe cuí a phlé sa phlean seo, agus caithfear na céimeanna a bhfuil sé beartaithe ag an mórtháirgeoir a thógáil chun pacáistiú a chosc nó a laghdú a shonrú ann. Tá riachtanais an phlean ar fáil i **gCuid 3 den Tríú Sceideal**.
- Caithfear iarratas ar chlárú a chur faoi bhráid údaráis áitiúil an cheantair feidhmithe a bhfuil an áitreabh suite ann, tráth nach déanaí ná 31 Márta 2008 nó dáta tosaithe an ghnó, cibé ceann acu is deanaí. Ní mór don mhórtháirgeoir iarratas a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil chuí chun an clárú a athnuachan tráth nach déanaí ná 31 Eanáir gach bliain i ndiaidh dóibh clárú den chéad uair. Ní gá do mhórtháirgeoir a leithéid d'iarratas a dhéanamh laistigh de cheithre mhí ó cláraíodh den chéad uair iad áfach.
- Ní mheastar mórtháirgeoir a bheith cláraithe go dtí go n-eisíonn an t-údarás áitiúil Teastas Cláraithe i leith an iarratais a cuireadh faoina mbráid.